



PARLAIMINT NA HEORPA: CÚLRA STAIRIÚIL

Téann bunús Pharlaimint na hEorpa siar go dtí Comhthionól an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach (CEGC), as a ndearnadh comhthionól na dtrí chomhphobal Eorpacha fhornáisiúnta a bhí ann ag an am. Tugadh an t-ainm ‘Parlaimint na hEorpa’ ar an tionól ina dhiaidh sin. Le himeacht ama, tá athruithe móra tagtha ar an institiúid, a bhfuil a Feisirí á dtoghadh go díreach ó 1979: d’athraigh sí ó thionól le comhaltaí ceaptha go dtí parlaimint thofa a aithnítear mar an comhlacht a shocraíonn clár oibre an Aontais Eorpaigh.

BUNÚS DLÍ

- Na Conarthaí bunaidh ([1.1.1](#), [1.1.2](#), [1.1.3](#), [1.1.4](#), [1.1.5](#));
- Cinneadh agus Ionstraim maidir le toghadh comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach (20 Meán Fómhair 1976), mar a leasaíodh le Cinntí ón gComhairle an 25 Meitheamh agus an 23 Meán Fómhair 2002.

TRÍ CHOMHPHOBAL, TIONÓL AMHÁIN

Tar éis bhunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE) agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom), cuireadh le Comhthionól CEGC chun na trí Chomhphobal a chumhdach. Le 142 chomhalta, tháinig an tionól nua le chéile den chéad uair in Strasbourg an 19 Márta 1958 mar ‘Thionól Parlaiminteach na hEorpa’, agus d’athraigh sé a ainm go ‘Parlaimint na hEorpa’ an 30 Márta 1962.

Ó THIONÓL CEAPTHA GO DTÍ PARLAIMINT THOFA

Roimh thabhairt isteach na dtoghchán díreach, cheap gach Parlaimint náisiúnta de chuid na mBallstát Feisirí de Pharlaimint na hEorpa (FPEenna). Dá bhrí sin, bhí déshainordú ag na Feisirí go léir.

Agus toghcháin dhíreacha á bplé, ag an gCruinniú Mullaigh a reáchtáladh i bPáras an 9 agus an 10 Nollaig 1974, cinneadh ‘gur cheart iad a reáchtáil in 1978 nó níos déanaí’ agus iarradh ar an bParlaimint tograí nua a thíolacadh a thiocfadh in ionad a dréachtchoinbhinsiúin bhunaidh ó 1960. I mí Eanáir 1975, ghlac an Pharlaimint dréachtchoinbhinsiún nua, ar ar a bhonn ar tháinig na Cinn Stáit nó Rialtais ar chomhaontú, tar éis dóibh difríochtaí tuairime a réiteach, ag a gcruinniú an 12 agus an 13 Iúil 1976.

Síníodh an Cinneadh agus Ionstraim maidir le toghcháin trí vótáil chomhchoiteann dhíreach sa Bhruiséil an 20 Meán Fómhair 1976. Nuair a dhaingnigh na Ballstáit uile



í, tháinig an Ionstraim i bhfeidhm i mí Iúil 1978 agus reáchtáladh na chéad toghcháin an 7 agus an 10 Meitheamh 1979.

MÉADUITHE

Nuair a tháinig an Danmhairg, Éire agus an Ríocht Aontaithe isteach sna Comhphobail Eorpacha an 1 Eanáir 1973 (an chéad mhéadú), méadaíodh líon na FPEanna go dtí 198.

Don dara méadú, le haontachas na Gréige an 1 Eanáir 1981, cheap Parlaimint na Gréige 24 Fheisire Ghréagacha chuig Parlaimint na hEorpa, a gcuirfí Feisirí a bheadh tofa go díreach ina n-áit i mí Dheireadh Fómhair 1981. Reáchtáladh na dara toghcháin dhíreacha an 14 agus an 17 Meitheamh 1984.

An 1 Eanáir 1986, leis an tríú méadú, mhéadaigh líon na suíochán ó 434 go dtí 518 nuair a tháinig 60 Feisire Spáinneach agus 24 Fheisire Phortaingéalacha, arna gceapadh ag a bParlaimintí náisiúnta agus ar cuireadh Feisirí a toghadh go díreach ina n-áit ina dhiaidh sin.

Tar éis athaontú na Gearmáine, oiriúnaíodh comhdhéanamh na Parlaiminte chun an t-athrú déimeagrafach a léiriú. I gcomhréir le tograí na Parlaiminte i rún maidir le scéim chun suíocháin a Feisirí a leithdháileadh, mhéadaigh líon na FPEanna ó 518 go dtí 567 do thoghcháin mhí an Mheithimh 1994. Tar éis ceathrú méadú AE, mhéadaigh líon na FPEanna go dtí 626, le leithdháileadh suíochán cothrom do na Ballstáit nua i gcomhréir leis an rún thuasluaite.

Le Comhdháil Idir-Rialtasach Nice, tugadh isteach dáileadh nua suíochán sa Pharlaimint, a cuireadh i bhfeidhm ag na toghcháin Eorpacha in 2004. Méadaíodh líon uasta na FPEanna (a socraíodh ag 700 roimhe sin) go dtí 732. Tháinig laghdú 91 shuíochán ar leithdháileadh na suíochán ar na sean-Bhallstáit a bhí ann cheana féin (ó 626 go dtí 535). Dáileadh na 197 suíochán a bhí fágtha idir na Ballstáit uile idir shean agus nua ar bhonn pro rata.

Le haontachas na Bulgáire agus na Rómáine an 1 Eanáir 2007, méadaíodh líon na suíochán sa Pharlaimint go sealadach go dtí 785 chun fáiltiú roimh FPEanna ó na tíortha sin. Tar éis thoghcháin 2009, a reáchtáladh ón 4 go dtí an 7 Meitheamh, laghdaíodh líon na suíochán go dtí 736. Ós rud é go raibh líon uasta de 751 FPE, a mhéadófaí go sealadach go dtí 754 go dtí na chéad toghcháin eile, socruithe le Conradh Liospóin (a tháinig i bhfeidhm an 1 Nollaig 2009), cuireadh 18 FPE leis an 736 a toghadh i Meitheamh 2009 le linn théarma 2009-2014, tar éis do na Ballstáit prótacal leasaitheach a dhaingniú, a glacadh ag Comhdháil Idir-Rialtasach (CIR) an 23 Meitheamh 2010. Le haontachas na Cróite an 1 Iúil 2013, méadaíodh líon na suíochán go sealadach go dtí 766, chun fáiltiú roimh 12 FPE ón gCróit, a toghadh i mí Aibreáin 2013 (i gcomhréir le hAirteagal 19 den Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Cróite).

Laghdaíodh líon na suíochán go dtí 751 arís do thoghcháin 2014. Tá athbhreithniú déanta ar dháileadh na suíochán i bhfianaise na dtoghcháin i mí Bealtaine 2019 agus ag féachaint don fhéidearthacht go dtarlóidh Brexit ([1.3.3](#)).



MÉADÚ CUMHACHTAÍ DE RÉIR A CHÉILE

Nuair a tháinig acmhainní dílse an Chomhphobail in áit ranníocaíochtaí na mBallstát (1.4.1) méadaíodh cumhachtaí buiséadacha na Parlaiminte faoi Chonradh Lucsamburg, arna shíniú an 22 Aibreán 1970. Síníodh an dara Conradh ar an ábhar céanna, eadhon cumhachtaí na Parlaiminte a neartú, sa Bhruiséil an 22 Iúil 1975 (1.1.2).

Leis an Ionstraim Eorpach Aonair cuireadh le ról na Parlaiminte i réimsí reachtacha áirithe (nós imeachta comhair) agus chuir sí conarthaí aontachais agus comhlachais faoi réir a aontaithe.

Le Conradh Maastricht, mar a ndearnadh nós imeachta comhchinnteoireachta i réimsí áirithe reachtaíochta a thabhairt isteach agus an nós imeachta comhair a leathnú chuig réimsí eile, chonacthas mar a d'aistrigh an Pharlaimint isteach i ról an chomhreachtóra. Thug an Conradh an chumhacht don Pharlaimint formheas críochnaitheach a bheith aici maidir le ballraíocht an Choimisiúin: ba chéim thábhachtach é seo i gcomhthéacs chumhacht rialaithe polaitiúla na Parlaiminte ar Fheidhmeannas AE (1.1.3).

Le Conradh Amstardam, leathnaíodh an nós imeachta comhchinnteoireachta go dtí formhór na réimsí reachtaíochta agus rinne sé athchóiriú ar an nós imeachta, agus rinneadh comhreachtóir ar chomhchéim leis an gComhairle den Pharlaimint. Cuireadh ceapadh Uachtarán an Choimisiúin faoi réir fhormheas na Parlaiminte, ag cur lena cumhachtaí rialaithe ar an bhFeidhmeannas. Le Conradh Nice, leathnaíodh raon feidhme an nós imeachta comhchinnteoireachta tuilleadh.

An 26 Feabhra 2001 síníodh Conradh Nice, lenar leasaíodh Conradh AE, na Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus gníomhartha gaolmhara áirithe, agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2003. Bhí sé mar aidhm leis an gConradh nua sin athchóiriú a dhéanamh ar struchtúr institiúideach an Aontais Eorpaigh chun go mbeadh sé in ann dul i ngleic leis na dúshlán a bhain le méadú todhcháoch. Méadaíodh cumhachtaí reachtacha agus faireacháin na Parlaiminte agus cuireadh síneadh le vótáil trí thriomlach cáilithe chun tuilleadh réimsí a chumhdach sa Chomhairle (1.1.4).

Ba leathnú tábhachtach eile é Conradh Liospóin (1.1.5) maidir le vótáil trí thriomlach cáilithe sa Chomhairle a chur i bhfeidhm (ag baint úsáid as bealach nua ón 1 Samhain 2014 — Airteagal 16 CAE) agus leis an nós imeachta comhchinnteoireachta a chur i bhfeidhm (atá leathnaithe anois go dtí thart ar 45 réimse reachtacha nua). Tá comhchinnteoireacht, ar a dtugtar an gnáthnós imeachta reachtach anois, ar an nós imeachta cinnteoireachta is mó úsáide anois, lena gcumhdaítear réimsí a bhfuil tábhacht ar leith leo, amhail an comhbheartas talmhaíochta agus beartais um cheartas agus um shlándáil. D'éirigh ról na Parlaiminte i dtaca le leasuithe conartha a bheidh ann amach anseo a ullmhú i bhfad níos suntasaí (Airteagal 48 CAE). Thairis sin, mar chuid de Chonradh Liospóin (agus, ar dtús, mar chuid den Dréacht-Chonradh ag bunú Bunreachta don Eoraip), rinneadh Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a shínigh Uachtaráin Parlaimint na hEorpa, an Choimisiúin agus na Comhairle ag an gComhairle Eorpach in Nice an 7 Nollaig 2000, ceangailteach ó thaobh dlí (4.1.2).

Ba léir ó thoghcháin na hEorpa an 23-26 Bealtaine 2019, go raibh lán-úsáid bainte ag an bParlaimint as an bhforáil den Chonradh in Airteagal 14 CAE, a deir: 'Déanfaidh



Parlaimint na hEorpa, i gcomhpháirt leis an gComhairle, feidhmeanna reachtacha agus buiséadacha a fheidhmiú. Feidhmeoidh sí feidhmeanna um rialú polaitiúil agus feidhmeanna comhairliúcháin faoi mar atá leagtha síos sna Conarthaí. Toghfaidh sí Uachtarán an Choimisiúin’.

Do thoghcháin 2014 agus 2019 araon, chuir páirtithe polaitiúla na hEorpa (1.3.3) príomh-iarrthóirí d’oifig Uachtarán an Choimisiúin os comhair vótálaithe. Is féidir an cás a dhéanamh go bhfuil cruthúnas ann gur éirigh le córas na bpríomh-iarrthóirí, mar an té a toghadh mar Uachtarán an Choimisiúin ag suí an 22 Deireadh Fómhair 2014, ba é an t-iarrthóir é a raibh an tacaíocht is mó faighte aige i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa i mí Bealtaine 2014.

Udo Bux
05/2019

